

Scéal, Scéal, Scéal...

Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige

Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

06 LÚNASA 2020



DEA-SCÉAL DO CHORP + ANAM

Tá sraith drámaíochta, **Corp + Anam**, le Magamedia, comhlacht físe atá lonnaithe sna Forbacha, díolta le 'SOONER'. Seo seirbhís sruthaithe físe ar líne a bhíonn ar fáil san Gearmáin, san Eilvéis agus san Ostair. Craoladh an chéad séasúr ar TG4 sa mbliain 2011 agus tugadh ardmholadh don choir drama ag an am. Bhuaigh sé gradaim IFTA fiú. Scéal iriseora a bhí ag iarraidh comhcheilg choiriúil a thabhairt chun solais atá ann. Is iad Diarmuid de Faoite agus Maria Doyle Kennedy atá sna príomh páirteanna. Deis iontach a bheas ann do phobal níos leithne taitneamh a bhaint as!



AN GARRAÍ GLAS AR AN TULACH

Is féidir táirgí breátha folláine de chuid An Gharráí Ghlais in Indreabhán a fháil ó **Neighbourfood An Tulach** anois! Le leas a bhaint as an tseirbhís níl le déanamh ach clárú ar líne, saor in aisce @ www.neighbourfood.ie/ /antulach. Tá Aonghus Chóil Mhaidhc Ó Coisdealbha agus an fhoireann iontach atá aige ag fás glasraí, duillí agus luibheanna orgánacha agus iad in úsáid i gcuid de na bialanna is mó rath i nGaillimh.



SCÁILEÁN MÓR NA TULAÍ

Tá **Fíbin** agus **An Taibhdhearc** tagtha le chéile agus an chéad dráma 'drive-in' Gaeilge, in Éirinn, á thabhairt acu go Conamara. 'Sé **Fiach** an scannán de chuid Philip Doherty a bheas á léiriú ag an ócáid, i gcarrchlós Fíbin, ar an Tulach ón gCéadaoin 12ú go dtí an 22ú Lúnasa. Scannán faoi Gharda reibiliúnach a théann sa tóir ar mhaistín áitiúil, atá ann. Beartaíodh imeacht den chineál seo a reáchtáil le dul i ngleic le héifeachtaí na paindéime ar na healaíona traidisiúnta agus deirtear go n-éiríonn leis an taispeántas seo draíocht na scannánaíochta agus dlúthchaidreamh an dráma raidió a bhaint amach. Tá costas €25 in aghaidh an chairr i gceist. Is féidir eolas maidir le ticéid a fháil ag: www.fibin.com



CITH 'S GEALÁN 2020

D'fhoilsigh **Coláiste Chroí Mhuire** sa Spidéal **Cith 's Gealán 2020** le gairid. Cnuasach filíochta maisithe le grianghrafanna áille ó phinn agus ó cheamaraí a gcuid scoláirí idir shóisir agus shinsir atá ann. D'eagraigh **Coiste Gucci Gaeilge** na scoile comórtas filíochta le linn na dianghlasála agus tá blaiseadh sa leabhrán seo de chuid de na hiarratais. Is cinnte gur gathanna gréine iad i measc na múranna báistí atá linn le tamall anuas na dánta machnamhacha, spreagúla seo! Maith sibh!

GNÓ NA PAINDÉIME

D'fhoilsigh **Molscéal** físeán iontach le gairid áit ar tugadh cuairt ar **An Spailpín Fánach** i gceardlann an Spidéil. Thug an t-úinéir Gearóid Ó Murchú léargas ar na dúshláin atá rompu na laethanta seo agus iad ag dul i ngleic leis na srianta reatha. "Múineann gá seift" a dúirt Gearóid agus tá ag éirí go maith leis na mascanna pearsantaithe atá á ndíol sa siopa faoi láthair! Dúirt Gearóid freisin go bhfuil an-tábhacht ag baint le tacaíocht áitiúil do ghnóthaí áitiúla, agus go bhfuil daoine cosúil leis féin ag braith go mór an an gcineál gnó seo faoi láthair. Tá an físeán le feiceáil ar shuíomh idirlín **Molscéal** @ www.molsceal.ie agus ar a gcuntas Facebook.



 **MOLSCÉAL**

TEAGASCÓIRÍ GAEILGE AN ÚDARÁIS

Is mian le hÚdarás na Gaeltachta uasdátú a dhéanamh ar an bpainéal teagascóirí a cuireadh i dtoll a chéile i 2017. Painéal é seo do dhaoine atá ar fáil le ranganna Gaeilge a theagasc san Gaeltacht. Iarrtar ar dhaoine ar spéis leo a bheith ar an bpainéal seo foirm chlárúcháin a líonadh agus a sheoladh chuig an Údarás faoin 18 Lúnasa 2020. Tá sonraí breise ar fáil @ www.udaras.ie

PÁIRC SPRAOI AN SPIDÉIL: OSCAILTE

Osclofar **Páirc Spraioi an Spidéil** ar an Aoine 7ú Lúnasa @ 11r.n. Ní bheidh oscailt oifigiúil ann de bharr srianta na paindéime ach reáchtálfar ócáid ar leith amach anseo. Tá an pháirc lonnaithe le taobh na páirce ar champas Choláiste Chonnacht. Do pháistí bunscoile an pháirc agus tá áiseanna ann do pháistí a bhfuil riachtanaís ar leith acu freisin. €139,000 an costas iomlán a bhí ar an bpáirc agus an-mholadh ag dul don choiste deonach a thug faoin togra i gcomhar le Comhlacht Forbartha an Spidéil. Maith sibh a chairde!

SPÉIS AGAT SA GCULTÚR DÚCHAIS?

Reachtálann **Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge** cúrsa dioplóma ar bhonn páirtaimseartha sa gcultúr dúchais agus i mbéaloideas na hÉireann. Níl uait ach caihdeán maith Gaeilge agus fáil ar nasc idirlín le tabhairt faoi. Ní bhíonn aon scrúdú scríofa foirmiúil le déanamh, aistí agus roinnt gníomhaíochtaí ar líne atá i gceist. Beidh sé ag tosú sa bhFómhar beag seo arís. Tá tuilleadh eolais ar fáil ach teagmháil a dhéanamh le Dónal ag an seoladh seo: donal.odroighneain@oegaillimh.ie



CÁILÍOCHT SAN AISTRIÚCHÁN

Cuirfidh **Gaelchultúr** tús i mí Mheán Fómhair le dioplóma iarchéime san aistriúchán agus leanfaidh sé go Mí na Samhna 2021. Tá an cúrsa dírithe orthu siúd a bhfuil leibhéal sásúil Gaeilge acu cheana féin ach gur spéis leo scileanna aistriúcháin a fhoghlaim nó cur leis na scileanna aistriúcháin atá acu cheana féin. Cailíocht Leibhéal 9 den NFQ a bheas ag rannpháirthe ag deireadh an chúrsa. Beidh an cúrsa ar siúl i mBaile Átha Cliath agus ar líne. Satharn amháin in aghaidh na míosa atá i gceist. Is féidir tuilleadh eolais chomh maith le treoracha le spás a chur in áirithe a fháil ar a suíomh idirlín: www.gaelchutlur.com/ /ga/cursai nó glaoch ar Ghaelchultúr ag 01 484 5220 le haghaidh sonraí breise.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ SA MBAILE AR LEIC AN TEALLAIGH...

- TORTHAÍ NA MBAN -

Dé Máirt 04/08 (F16 Roinn 4)

An Spidéal	4-12
An Cheathrú Rua	2-06

Dé Máirt 04/08 (Roinn 1 Babhta 1)

CLG Micheál Breathnach	5-22
An Dún Mór	2-12

Dé Máirt 04/08

CLG Micheál Breathnach	3-16
An Cheathrú Rua	3-02

Domhnach 02/08 (F14 Roinn 3)

CLG Micheál Breathnach	6-08
Tuaim/An Baile Corr	5-08

Domhnach 02/08 (F14 Roinn 2)

An Spidéal	8-17
Mionlach/An Sceachánach	1-06

Dé Sathairn 01/08 (F12 Roinn 1)

An Spidéal	2-03
Tuaim/An Baile Corr	6-16

- TORTHAÍ NA BHFEAR -

Dé Máirt 04/08 (F14 R2 Iar. Gr. 1)

An Spidéal	2-05
An Cheathrú Rua	3-14

Domhnach 02/08 (F12 Grúpa 6)

An Spidéal	5-08
Cárna/Caiseal	3-13

Domhnach 02/08 (F12 Grúpa 11)

CLG Mícheál Breathnach B	3-05
Órán Mór/Meáraí D	1-08

Domhnach 02/08 (F12 Grúpa 3)

CLG Micheál Breathnach	0-05
Órán Mór/Meáraí B	2-14

Dé Sathairn 01/08 (Sin. Grúpa 1)

An Spidéal	0-10
CLG Bhearna	2-07

Dé Sathairn 01/08 (Sin. Grúpa 2)

CLG Micheál Breathnach	1-06
Maigh Cuilinn	3-12

SIAMSAÍOCHT IONTACH Ó GHAELTACHT X

Mar chuid de na himeachtaí agus ócáidí fóirúla atá á reáchtáil ag Gaeltacht X i mblíana, beidh roinnt agallamh á bhfoilsíú acu ar líne. Beidh Síomha Ní Ruairc i mbun agallamh le Jess Kelly, comhfhreagraí teic le Newstalk, ar an Aoine seo, 7ú Lúnasa @ 1. Tá agallamh le hEoghan McDermott ó RTE 2fm, Cecily Nic Cionnaith, ó Ghaeilgheansaí faoi ghnó trí Ghaeilge agus Cárthach Bán Breathnach, Coill Rua, Cois Fharráige, maidir le podchraoltaí agus saol an spóirt. Craoltar an t-ábhar ar chuntas Instagram Gaeltacht X. Bíonn eolas faoi chomórtais éagsúla agus blúiríní siamsaíochta don aos óg le fáil ar an gcuntas chomh maith!

